# Gaeilge ABC

Abhantrach
Bhearna
Chnoc na Cathrach

*Márta 2024*
*Eagrán a 6*

## OÍCHE SHÓISIALTA

Bí linn Dé hAoine 8 Márta i Tom Sheridans, Cnoc na Cathrach d'Oíche Shóisialta! Beidh muid ann ó 8in ar aghaidh. Fáilte roimh chách, agus chuile chumas Gaeilge!

## *SOCIAL NIGHT*

Join us on Friday 8th March in Tom Sheridan's, Knocknacarra for a social night. We'll be there from 8pm onwards. It's a great opportunity to practice your cúpla focal!







## CEARDLANN DÉANTA CÁRTAÍ

Beidh Ceardlann Déanta Cártaí do dhaoine fásta ar siúl Déardaoin 14 Márta ag 7in in Áras Mhic Amhlaigh. Is í Dee Deegan ón Galway Art Academy a bheas ag múineadh na ceardlainne seo agus níl aon chostas ar an gceardlann, ach go bhfuil spásanna teoranta mar sin is gá clárú roimh ré trí theagmháil a dhéanamh le hAoife ag 0851372447 nó optgaeilgeabc@gmail.com.

## *CARD MAKING WORKSHOP*

We will host a Card Making Workshop for adults on Thursday 14th March at 7pm in Áras Mhic Amhlaigh. This workshop will be taught by Dee Deegan from the Galway Art Academy and there is no cost for the workshop, but spaces are limited so it is necessary to register in advance by contacting Aoife on 0851372447 or optgaeilgeabc@gmail.com.




## CÉILÍ MÓR

Tá Céilí Mór eagraithe ag an gCumann Rince Seite chun ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge. Beidh an céilí seo ar siúl Dé Domhnaigh 10 Márta ó 6in-9in i nGaelscoil Mhic Amhlaigh, agus tá costas €10 ag an doras. Beidh cístí, tae agus ceol beo ar an oíche agus tá fáilte mhór roimh chách.

## *CÉILÍ DANCE*

An Cumann Rince Seite have organized a Céilí to celebrate Seachtain na Gaeilge. This céilí will take place on Sunday 10th March from 6pm-9pm in Gaelscoil Mhic Ammlaigh, and the cost is €10 at the door. There will be cake, tea and live music on the night and everyone is very welcome.

## SNÁMH SA BHFARRAIGE

Tá grúpa WhatsApp nua againn do dhaoine ar mhaith leo bualadh le chéile chun dul ag snámh sa bhfarraige agus a gcuid Gaeilge a chleachtadh ag an am céanna! Seol teachtaireacht chuig Aoife ag 0851372447 agus cuirfidh sí leis an ngrúpa WhatsApp thú!

## *SEA SWIMMING GROUP*

We have a new WhatsApp group for people who want to meet for sea swims and practice their Irish at the same time! Send Aoife a message on 0851372447 and she'll add you to the WhatsApp group!



## RANGANNA AIREACHAIS I MBEARNA

Cuireadh tús le cúrsa eile 4 seachtaine de ranganna aireachais Déardaoin 29 Feabhra ag a 7in. Bíonn na ranganna seo á múineadh ag Katie McGreal i Scoil Shéamais Naofa, Bearna. Bíonn na ranganna á reáchtáil go dátheangach mar sin tá siad feiliúnach d'fhoghlaimeoirí Gaeilge. Tá costas €40 ar an gcúrsa 4 seachtaine ach tá lascaine ar fáil, urraithe ag Gaeilge ABC, má chuireann tú an rang in áirithe trí Ghaeilge. Is féidir tuilleadh eolais a fháil nó an rang a chur in áirithe anseo.

## *MINDFULNESS CLASSES IN BARNA*

A 4 week course of mindfulness classes began on Thursday 29th February at 7pm. These classes are taught by Katie McGreal at Scoil Shéamais Naofa, Bearna. The classes are held bilingually so they are suitable for Irish learners. The 4 week course costs €40 but a discount is available, sponsored by Gaeilge ABC, if you book the class through Irish. You can find more information or book the class here.

## SUÍ 'S SPRAOI

Cuireadh tús le grúpa nua an mhí seo caite atá dírithe ar thuismitheoirí agus a gcuid páistí. Buaileann an grúpa le chéile chuile Chéadaoin i Súil Eile Space i mBearna ag 11.30rn. Is deis iontach atá anseo chun bualadh le tuismitheoirí eile atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge agus is deis atá ann do na páistí bualadh le cairde nua! Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hElaine ag 083 2055378.

## *PARENT AND TODDLER GROUP*

A new parent and toddler group started in Barna last month. The group meets every Wednesday in Súil Eile Space in Barna at 11.30am. This is a great opportunity to meet other parents who are raising their children with Irish and it's a great opportunity for the children to make new friends! For more information, please contact Elaine on 083 2055378.






## CIORCAL COMHRÁ

Bíonn ciorcal comhrá ag bualadh lena chéile chuile mhaidin Dé hAoine ag a 11rn in Óstán an Chlaí Bháin. Tá fáilte mhór roimh chuile dhuine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat!

## CONVERSATION GROUP

A conversation circle meets every Friday morning at 11am in the Clybaun Hotel. Everyone is very welcome, regardless of your level of Irish!

## CAIFE AGUS COMHRÁ

Bíonn ciorcal comhrá ag bualadh lena chéile an **Déardaoin deireanach de chuile mhí ag a 11rn** i Súil Eile Space, Bearna. Beidh an chéad cheann eile ar siúl Déardaoin 28 Márta. Tá fáilte mhór roimh chuile dhuine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat!

A conversation circle meets in Súil Eile Space in Barna **at 11am on the last Thursday of every month**. The next conversation circle will take place **Thursday 28th March.** Everyone is welcome, whatever your level of Irish!




## TACAÍOCHT DO CHLUB ÓIGE NUA

Cuireadh tús le Club Óige nua faoi stiúr Ógras i Scoil Chuan na Gaillimhe an mhí seo caite. Chuir Gaeilge ABC beart le chéile le bronnadh ar an gclub óige, le meascán de chluichí agus foclóirí. Má tá aon chlub eile sa gceantar a bhíonn ag feidhmiú trí Ghaeilge agus atá ag lorg tacaíochta, déan teagmháil le hAoife ag 085 137 2447.




## SUPPORTS FOR NEW YOUTH CLUB

A new Youth Club under the direction of Ógras started at Scoil Chuan na Gaillimhe last month. Gaeilge ABC put together a package to present to the youth club, with a mix of games and dictionaries. If there is any other club in the area that operates through Irish and is looking for support, contact Aoife on 085 137 2447.




## GAEILGEATÓN NA GAILLIMHE

Tá imeacht eagraithe ag Cabairí na gCártaí do Sheachtain na Gaeilge ina mbeidh Gaeilge á labhairt go leanúnach ar feadh lá iomlán i gcroílár na Gaillimhe. Imeacht saor in aisce, ina mbeidh meascán de chabaireacht, ceol, damhsa, cluichí, díospóireacht, srl. ar siúl, ach gach rud trí Ghaeilge. Tá fáilte roimh chách chuig an imeacht seo, agus is féidir tuilleadh imeachtaí atá eagraithe do Sheachtain na Gaeilge thart timpeall ar Ghaillimh a fheiceáil anseo.

Cabairí na gCártaí have organized an event for Seachtain na Gaeilge in which Irish will be spoken continuously for a whole day in the heart of Galway. This free event will include a mix of chatting, music, dance, games, debate, etc., but everything will be through Irish. Everyone is welcome to this event, and you can see more events that have been organized for Seachtain na Gaeilge around Galway here.

## GALWAY BAY FM

Beidh Aoife agus triúr Oifigigh Pleanála Teanga eile (Ándría Uí Thaidhg, Micheál Mac Aoidh agus Ciarán Tierney) ar Galway Bay FM Dé Domhnaigh idir a 6in agus a 7in ag labhairt faoin bpleanáil teanga agus faoi thogra iontach a d'eagraigh siad inár tugadh 177 dalta bunscoile le chéile chun dul i mbun scríbhneoireachta.

Aoife and three other Language Planning Officers (Ándría Uí Thaidhg, Micheál Mac Aoidh and Ciarán Tierney) will be on Galway Bay FM this Sunday between 6pm and 7pm talking about language planning and about a great project they organized in which 177 primary school students were brought together to write poetry.

